Uaisle an tSléibhe

An fada a mhairfidh uaisle an tsléibhe,
A nglaoch ard géar,’tsí-ách, tsí-ách,’
Ag macallú trí aer úr an fhiantais
Ins na failltreacha, fothracha agus drapaí
Ar shleasa diamhra Chnoc Bréanainn,
Áit a mbíonn an t-aoire i ndiaidh a thréada.

'Sé lúthchleasaí an tsléibhe an t-éan,
É ag déanamh gaisce eitleoireachta
Ar fheachtaí an aeir, cois cósta,
Chun seoigh nó chun aird a tharrac
Air féin, eitleoidh sé bun os cionn,
Anonn is anall, ‘tsí-ách, féach orm!’

Ní mar a chéile lena chomhleacaithe
-an cág, an chrothóg liath, an préachán,
An fiach dubh a mhairfeadh ar chreatlaigh
Tá sé chomh macánta leis an ndea-aoire
É ag iarraidh an seabhac is an fiolar
Athlonnaithe ina dhúiche a sheachaint.

Fear téagartha a pháirtí san uaigneas
Ginte as damhna céanna an chnoic,
Cruas is seasmhacht na bhfód dubh
‘Adhnann tine, boige an cheannbháin
A lúbann is a rinceann leis an leoithne,
Tuiscint léir agus neart intinne ‘s coirp.

Cé nach bhfuil teaspach an éin anois ann
Níor leasc leis trí léim táilliúra ‘dhéanamh
Ina óige, i ngort nó ar bhruach an phortaigh
Nuair a thugadh sé fés na harda lena Dhaid.
Tá sé féin is an t-éan ar a gcúilín seamhrach
Ag roinnt an uaignis, ‘s an aoibhnis le chéile.

Na dúile a dheilbhigh is a mhúnlaigh
Na dea-cháilíochtaí iontu araon:
Dílseacht ar feadh a saoil do pháirtí nide
Dílseacht lena mbeo d’fhearann na sinsear
Cuideachtúil, nádúrtha, croí an chomhluadair,
Bíodh san ar an gCosán Bán, nó sa bhFothair.

Ba dhath an fhéich bhí ar a fholt uair,
Anois, tá léithe an gheimhridh tríd.
Ar nós leathcheann ar chlaí, a dhroinn

Ó strácáil le síonta a mhúin dó foighne
Ach an préachán breá, ‘sé atá feiceálach
A ghob, a chroibh, a chosa ar dhath na fola.

Meascann glórtha na beirte le canúintí
Iomadúla an tsléibhe, méileach caorach,
Grágáil an Domhnaill is cogar na sinsear
D’fhág a marc ar gach siolla den ngarbhach,
Ar Choimín, Chuaisín, Ghleann, Tobar, Leac,
Bhinn na mBan, Na Sconnaí, is ar Thigh a’ Teaic.

Teangacha labhartha líofa iad beirt
Coimeádaithe chartlann Bhréanainn
Ag saothrú le dínit in arda an dúchais.
Is túisce scarfaidís lena n-anáil féin
Ná mar a thréigfidís teanga an tsléibhe
Ainneoin fógra ómra an éadóchais.